SCRÚDUIMHIR ☞ | Iomlán na Marcanna

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2008

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)
## (270 MARC)

**DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 GO DTÍ 4.20**

STAMPA AN IONAID

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán ag deireadh gach leathanaigh. | |
| 2. Iomlán na n-iomlán ón ngreille thall (1-6). | |


| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| CEIST | MARC |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| – | – |
| IOMLÁN (1-6) | |
| CT | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |


FREAGAIR **GACH** CEIST **(1, 2** *agus* **3).**


**Ceist 1** Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. (40 marc)


1. **D. Ó Broin**
   **Fiaclóir**
   **8.30 r.n. – 4.45 i.n.**
2. Cosc ar an Snámh Anseo
   Sruth Baolach
3. **Barda Dúnta**
   **de bharr Fliú**
   **Cosc ar Chuairteoirí**
4. **An Proinnteach**
   **Bia Blasta Gasta**
   **Ar phraghas réasúnta**
5. Club Naomh Bríde
   Camógaíocht
   Traenáil: Máirt agus Aoine
6. **Áras Náisiúnta**
   **na**
   **Nua–Ealaíne**
7. **Saotharlann Cheimice**
   **Spéaclaí Cosanta**
   **Riachtanach**
8. **Cead Pleanála**
   **á lorg ar**
   **Chomhairle Co. na Mí**
9. **Bóthar dúnta romhat**
   **Malairt slí in úsáid**
10. **An Pota Gliomach**
    Iasc Úr ar Díol


| Uimhir | Litir |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
























**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a)** Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 mharc)

AerArann

Aerfort na Minna
Indreabhán,
Co. na Gaillimhe

23 Bealtaine 2008

Áine Nic Gearailt
Inis
Co. an Chláir

A Áine, a chara,

Go raibh maith agat as do litir ag iarraidh eolais agus foirm iarratais ó Aer Árann.

Deir tú i do litir go ndearna tú an Ardteistiméireacht dhá bhliain ó shin. Fuair tú grád B sa Mhatamaitic agus grád A san Innealtóireacht mar aon le grád C sa Bhéarla agus sa Ghaeilge.

Chun a bheith i do mheicneoir eitleáin le hAer Árann caithfidh tú printíseacht ceithre bliana a dhéanamh. Beidh ort freastal ar an Institiúid Teicneolaíochta i nGaillimh dhá lá sa tseachtain agus beidh ort trí lá go leith a chaitheamh ag obair faoi stiúradh linn in Indreabhán.

Beidh agallaimh ar siúl againn in Óstán an Radisson i Luimneach ar 15 Meitheamh. Is gá an fhoirm iarratais a líonadh agus a sheoladh ar ais chugainn roimh 8 Meitheamh.

Is mise,

*Liam Ó Ceallaigh*
Oifigeach Traenála.

**Ceisteanna:**

**1.** Cá bhfuil Áine Nic Gearailt ina cónaí?

| | |
|---|---|
| In Indreabhán | |
| I Luimneach | |
| In Inis | |

**2.** Cén dáta ar scríobh Liam Ó Ceallaigh chuig Áine?

| | |
|---|---|
| 23 Bealtaine | |
| 8 Meitheamh | |
| 15 Meitheamh | |

**3.** Cén grád a fuair Áine sa Ghaeilge san Ardteistiméireacht?

| | |
|---|---|
| Grád A | |
| Grád B | |
| Grád C | |

**4.** Cén post a theastaíonn ó Áine?

| | |
|---|---|
| Píolóta eitleáin | |
| Oifigeach traenála | |
| Meicneoir eitleáin | |

**5.** Cén áit a mbeidh agallaimh ar siúl ar 15 Meitheamh?

| | |
|---|---|
| I Luimneach | |
| I nGaillimh | |
| In Indreabhán | |

**(b)** Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

## Céad Míle Fáilte!
## ÓSTÁN LOCH ALTAN




Tá Óstán Loch Altan suite i sráidbhaile Ghort an Choirce i gceartlár Ghaeltacht Thír Chonaill. Tá an fharraige ar an taobh ó thuaidh agus sliabh na hEaragaile ar an taobh ó dheas de. Faigheann sé a ainm ó loch beag álainn ag bun na hEaragaile, an sliabh is airde i dTír Chonaill.

Labhraítear an Ghaeilge sa cheantar seo. Tugtar tús áite don Ghaeilge san óstán i gcónaí. Is cuma cén teanga a labhraíonn na haíonna, cé acu Béarla nó Fraincis, cuirfidh foireann an óstáin fáilte faoi leith rompu go léir. Cuirtear béim an-láidir fosta ar an seanchas, ar an gceol, ar an amhránaíocht agus ar an damhsa san óstán.

Tá naoi seomra is tríocha san óstán. Tá cithfholcadán agus teilifíseán i ngach seomra. Tá clú agus cáil ar an óstán as an mbia sláintiúil a chuireann siad ar fáil i mBialann an Chaisil. Bíonn bia mara an Atlantaigh i gcónaí ar fáil ann. Ag deireadh an lae bíonn ceol traidisiúnta á sheinm i dTeach Pháidín, an teach tábhairne san óstán.

Sa cheantar thart orainn tá áiseanna de gach sórt. Is féidir dul ag dreapadóireacht i measc na sléibhte nó dul ag iascaireacht ar an bhfarraige. Tá naíolann san óstán do na páistí beaga agus imeachtaí spóirt do dhéagóirí. An bhliain seo chugainn beidh linn snámha nua faoi dhíon á oscailt san óstán.

**Ceisteanna:**

**1.** Cad atá ar an taobh ó thuaidh den óstán?

| | |
|---|---|
| Loch Beag | |
| Sliabh na hEaragaile | |
| An Fharraige | |

**2.** Cén teanga a dtugtar tús áite di in Óstán Loch Altan?

| | |
|---|---|
| Béarla | |
| Gaeilge | |
| Fraincis | |

**3.** Cé mhéad seomra atá in Óstán Loch Altan?

| | |
|---|---|
| 29 | |
| 39 | |
| 93 | |

**4.** Cén t-ainm atá ar an mbialann in Óstán Loch Altan?

| | |
|---|---|
| Bia an Atlantaigh | |
| Bialann an Chaisil | |
| Teach Pháidín | |

**5.** Cad atá sa cheantar do dhéagóirí?

| | |
|---|---|
| Imeachtaí spóirt | |
| Linn snámha | |
| Naíolann | |

**(c)** Léigh an **scéal nuachta** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 mharc)

Tugadh beirt fhear as Baile Átha Cliath os comhair na cúirte san Aonach, Co. Thiobraid Árann Dé Máirt seo caite.



Cuireadh ina leith gur ghoid siad carr ar an Luan i Ros Cré agus nár stop siad do na gardaí ag bac bóthair i nDurlas. Leag siad garda amháin agus lean siad orthu ag tiomáint faoi lánluas agus na gardaí sa tóir orthu.

Stop siad faoi dheireadh nuair a bhuail siad tarracóir. Léim an bheirt as an gcarr agus rith siad isteach i gcoill ar thaobh an bhóthair.

Bhí héileacaptar an Gharda Síochána san aer ag dul go dtí an Teampall Mór ag an am. Chonaic an píolóta na gadaithe in aice le habhainn agus iad tuirseach traochta. Gabhadh ansin iad.

Chuir an breitheamh siar faoi choinneáil iad i bpríosún Luimnigh go dtí an Chéadaoin seo chugainn. Tugadh an garda gortaithe go dtí Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh, áit a bhfuil drochbhail air fós.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén lá ar goideadh an gluaisteán?

| | |
|---|---|
| Dé Luain | |
| Dé Máirt | |
| Dé Céadaoin | |

**2.** Cá raibh an garda nuair a leagadh é?

| | |
|---|---|
| Os comhair na cúirte | |
| Sa charr | |
| Ar thaobh an bhóthair | |

**3.** Cá raibh héileacaptar an Gharda Síochána ag dul?

| | |
|---|---|
| Go Corcaigh | |
| Go dtí an Teampall Mór | |
| Go Luimneach | |

**4.** Cén áit ar gabhadh na gadaithe?

| | |
|---|---|
| Ar an tarracóir | |
| Sa choill | |
| In aice le habhainn | |

**5.** Cén áit a bhfuil na gadaithe faoi choinneáil anois?

| | |
|---|---|
| I gCorcaigh | |
| I Luimneach | |
| I mBaile Átha Cliath | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**


**(a)** Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## An Bhean is Tapúla in Éirinn?




Rugadh Derval O'Rourke i gCorcaigh i 1981. Chuir sí suim faoi leith sa lúthchleasaíocht agus í ina déagóir. Ba léir go raibh tallann inti.

Is é an cliathrás céad méadar a ritheann Derval de ghnáth. Sa bhliain naoi déag nócha a naoi bhuaigh Derval scoláireacht lúthchleasaíochta le freastal ar Choláiste na hOllscoile i mBaile Átha Cliath. I rith na cúig bliana a chaith sí ar an ollscoil tháinig feabhas mór uirthi.




Bhain gortú di le linn na gCluichí Oilimpeacha sa Ghréig sa bhliain dhá mhíle agus a ceathair ach lean sí uirthi ag traenáil. I mí an Mhárta 2006, bhuaigh sí Craobh an Domhain faoi dhíon, sa chliathrás 60 m, i gcathair Mhoscó. I mí Lúnasa an bhliain chéanna, bhuaigh sí an bonn airgid sa chliathrás céad méadar i gCraobh an Domhain i gcathair Ghöteborg.

I mbliana tá Derval ag traenáil i mBaile Átha Cliath do na Cluichí Oilimpeacha i gcathair Bhéising, sa tSín. Beidh muintir uile na hÉireann ag tacú le Derval agus ag súil le bonn luachmhar Oilimpeach!

**<u>Ceisteanna</u>:**

**1.** Cár rugadh Derval O'Rourke?

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | |
| Corcaigh | |
| Göteborg | |

**2.** Cén rás a ritheann Derval de ghnáth?

______________________________________________

**3.** Cathain a bhuaigh Derval scoláireacht lúthchleasaíochta?

| | |
|---|---|
| 1999 | |
| 2004 | |
| 2006 | |

**4.** Cén bonn a bhuaigh Derval i Moscó in 2006?

| | |
|---|---|
| Bonn óir | |
| Bonn airgid | |
| Bonn cré-umha | |

**5.** Cén tír ina mbeidh na Cluichí Oilimpeacha i mbliana?

| | |
|---|---|
| Sa Ghréig | |
| Sa tSín | |
| I Sasana | |

**(b)** Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

## Raifteirí an File



Sa bhliain 1779 a rugadh Raifteirí an file i gCo. Mhaigh Eo. Fíodóir ba ea a athair. Nuair a bhí Raifteirí óg chaill sé radharc na súl de bharr tinnis. Bhí sé dall ar feadh an chuid eile dá shaol. Ach bhí bua na filíochta ag Raifteirí. Chum sé dánta agus sheinn sé an veidhlín.

Bhíodh sé ag taisteal ar fud Mhaigh Eo agus ar fud Shligigh ach chaith sé formhór a shaoil in oirthear na Gaillimhe. Chum sé dánta molta do na feirmeoirí móra saibhre agus thug siad airgead agus dídean dó. Bhí na gnáthdhaoine beo bocht agus ba mhinic Raifteirí "*ag seinm ceoil do phócaí folamh*' ".

Sa bhliain 1828 tharla tubaiste ar Abhainn na Coiribe. Bádh naoi nduine dhéag as Eanach Dhúin agus iad ag taisteal i mbád go dtí aonach na Gaillimhe. Chum Raifteirí amhrán álainn faoin tubaiste. Bhí an t-amhrán ar eolas ag muintir na hÉireann i Sasana agus i Meiriceá agus bhí clú agus cáil ar Raifteirí. Theip ar a shláinte de bharr an óil agus fuair sé bás ar thaobh an bhóthair Oíche Nollag 1835.

**Ceisteanna:**

**1.** Cén tslí bheatha a bhí ag **athair** Raifteirí?

| | |
|---|---|
| File | |
| Fíodóir | |
| Feirmeoir | |

**2.** Conas a chaill Raifteirí radharc na súl?

| | |
|---|---|
| De bharr tinnis | |
| De bharr an óil | |
| De bharr timpiste | |

**3.** Cén uirlis cheoil a sheinn Raifteirí?

________________________________________

**4.** Cén áit ar chaith Raifteirí formhór a shaoil?

| | |
|---|---|
| Co. Mhaigh Eo | |
| Co. Shligigh | |
| Co. na Gaillimhe | |

**5.** Cén bhliain ar tharla an tubaiste ar Abhainn na Coiribe?

| | |
|---|---|
| 1779 | |
| 1828 | |
| 1835 | |

**(c)** Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

## An Seanmhadra



Codlaíonn sé i gcró ar chúl an tí,
Ag faire amach de ló is d'oíche,
I bhfeighil an ghairdín agus gach uile ní
Ag tafann roimh strainséir 's ag fáiltiú roimh aoi.

Siúlann sé timpeall i rith an lae,
Is cuma faoin aimsir, is é ar diúité –
Sa ghairdín tosaigh ag breacadh an lae
Is ar chúl an tí ag uair an mheán lae.

Nuair a fhilleann na páistí ón scoil ar a trí,
Is fearr leis bheith ag súgradh ná bheith ina luí.
Itheann sé feoil, arán bán is donn,
Is ólann sé deoichín ón mbabhla faoin gcrann.

Ní dhúnann sé a shúile ach anois is arís,
Cé go bhfuil sé a deich 's ag dul in aois,
's ní fheadar nuair a bhíonn sé sínte ar a bhrat
An gceapann sé fós go bhfuil sé in ann ag an gcat?

**Ceisteanna:**

**1.** Cén áit a bhfuil cró an mhadra?

| | |
|---|---|
| Sa ghairdín | |
| Ar chúl an tí | |
| Ar thaobh an tí | |

**2.** Cad a dhéanann an madra i rith an lae?

| | |
|---|---|
| Codlaíonn sé | |
| Caoineann sé | |
| Siúlann sé | |

**3.** Cé leis a mbíonn sé ag súgradh?

| | |
|---|---|
| Leis na páistí | |
| Leis an gcat | |
| Leis an strainséir | |

**4.** Cén aois atá an seanmhadra?

__________________________________________________

**5.** Cá háit a mbíonn an seanmhadra sínte?

| | |
|---|---|
| Faoin gcrann | |
| Sa ghairdín tosaigh | |
| Ar a bhrat | |

**ROINN II – SCRÍOBH NA TEANGA** **(120 marc)**

FREAGAIR **GACH** CEIST (**4**, **5** *AGUS* **6**)

Tá Ceist 4 ar na leathanaigh 10 agus 11.

Tá Ceist 5 ar na leathanaigh 12 agus 13.

Tá Ceist 6 ar na leathanaigh 14 agus 15.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(30 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.





Cén rud?
Cén áit?




Cén oíche? Dáta? Am?
Cén cead isteach?



Cé a bheidh ann
mar aoi speisialta?




Cad a tharlóidh
don airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

**FÓGRA**

**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir thíos.





Is tusa an duine atá sna pictiúir seo. Scríobh **FREAGRA** chuig Liam ag insint dó:

| | | |
|---|---|---|
| - Cén lá a fuair tú an cuireadh. | } | |
| - Ar iarr tú cead ó do Mham dul ann le Liam. | } | Pictiúr 1 |
| - An mbeidh tú ábalta dul ann. | } | |
| - Conas a rachaidh tú go dtí an stáisiún traenach. | } | Pictiúr 3 |
| - Cad a dhéanfaidh sibh ar an traein. | } | |
| - Cén t-am a thosóidh an ceolchoirm. | } | Pictiúr 4 |

**FREAGRA**

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a)** Féach ar na pictiúir thíos.




Tá tusa ag obair san Ionad Campála seo an samhradh seo. Scríobh **litir** abhaile chuig do chara ag insint dó/di:

- Faoin **Ionad Campála** agus faoin **áit** a bhfuil an t-ionad } Pictiúr 1
- Faoin **obair** a dhéanann tú san ionad (trí phointe ag teastáil) } Pictiúr 2
- Faoi na **cuairteoirí** a thagann go dtí an tIonad Campála } Pictiúr 3
- Faoi na rudaí a dhéanann tú nuair a bhíonn **am saor** agat } Pictiúr 4

**[N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir, i.e. seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.]**

**LITIR**

**NÓ**

**(b)** Ba mhaith leat a bheith ag obair sa Bhanc. Fuair tú an **Fhoirm Iarratais** seo le líonadh.
Líon isteach an **Fhoirm Iarratais** atá anseo thíos.
**[ Nóta:** Is tusa *Deasún Ó Riain* **]**

## Banc na hÉireann
### Foirm Iarratais do phost mar Chléireach Bainc

Ainm: *Deasún Ó Riain* Uimhir theileafóin ……………………….……

Seoladh: ……………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………..

Aois: …………………………………………… Dáta Breithe: ………………………………………….

Cén áit ar rugadh thú? ……………………………………………………………………………..

Cén Scrúdú Teistiméireachta atá déanta agat? ………………………………………………………

Ainmnigh **cúig ábhar scoile** a rinne tú sa scrúdú sin: ………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………………..

Luaigh **trí** chaitheamh aimsire atá agat: ……………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………………………

An bhfuil tú ábalta ríomhaire a úsáid? ……………………………………………………………………

An dtuigeann tú go mbeidh ort rún a choimeád?………………………………………………………

An mbeidh tú sásta cúrsa traenála a dhéanamh? …………………… ………………………..……….............

An bhfuil cuntas bainc agat? ……………………………………………………………………….

Cuir tic (✓) leis an dáta is fearr leat le haghaidh agallaimh: 17 Meitheamh ❑, 5 Iúil ❑, 11 Iúil ❑.

Scríobh **alt beag** (timpeall 40 focal) ag insint dúinn cén fáth ar mhaith leat a bheith ag obair i mbanc.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Síniú *Deasún Ó Riain* Dáta: ____________________


**Ceist 6** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a)** Féach ar an bpictiúr thíos.

Bhí tú i láthair ag **Lá Spóirt na Scoile** an mhí seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoi.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.

## LÁ SPÓIRT NA SCOILE




**NÓ**

**(b)** Féach ar na pictiúir anseo thíos.

Tharla **an eachtra** seo agus tú amuigh ag siúl le do chara. Tá tú chun scríobh faoin **eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh faoin **eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.




| | | | |
|---|---|---|---|
| cois abhann | san uisce | shín | fios |
| taobh thiar di | geit | tharraing | ospidéal |

## EACHTRA A THARLA

Leathanach Bán